


Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gaillimh

Fón: 091-590152


# Nuachtlitir na Nollag

**A Thuismitheoirí, a cháirde,** **12ú Nollaig 2025**

Ag súil go bhfuil sibh ar fad go maith agus as súil le sos na Nollag.

***We hope that you are all keeping well and looking forward to a little rest over the Christmas break.***

## *Dátaí Tábhachtacha le meabhrú – Important Dates to Remember*

- **Féach Ceiliúradh na Nollag le dátaí do na taispeántaisí eagsúla leis seo** – *Please see important dates for the next few days Christmas Performances included here.*
- **Gleasadh suas don Nollag ón 15-19ú Nollag** – *Christmas Themed Clothes can be worn from 15th-19th December.*
- **Cóisír Ranga ar 19ú Nollag** – *Christmas Class Party on 19th December.*
- **Laethanta Saoire na Nollag ar 19/12/25. Páistí ag dul abhaile ag 11.50 nó 12.00-** *Christmas Holidays on 19/12/25. Children going home at 11.50 or 12.00.*

  *****************************************************************
- **Scoil ag oscailt tar éis na Nollag ar 5/01/26** – *School re-opening on 5/01/26*
- **Seachtain na Scoileanna Chaitliceacha ón 25ú-31ú Eanáir** – *Catholic Schools Week during the week 25th -31st January.*
- **Féile Scoil Drámaíochta Ranganna 4 - 23/02/2026-27/02/2026.**
- **Cruinnithe Tuistí Múinteoirí Naíonáin & Rang 1 le linn 09/02/26 & 16/02/26** – *Parent Teacher Meetings for Infants & First Classes during 09/02/26 & 16/02/26*





## **Ceiliúradh na Nollag i nGaelscoil Mhic Amhlaigh/**
## **Christmas Celebrations in Gaelscoil Mhic Amhlaigh**



# *Taispeántaisí Nollag/School Performances 2025:*

Seirbhís Carúil sa séipéal/*Carol Service in Church at 6.30pm on 10ú Nollag* (All welcome)

Dráma Naíonáin Bheaga Áine / *Áine's Junior Infant Christmas Play for Parents@ 11ú Nollag ag 09.30 r.n*

Dráma Naíonáin Bheaga Saoirse / *Saoirse's Junior Infant Christmas Play for Parents @12ú Nollag ag 09.30 r.n*

Dráma Naíonáin Bheaga Ann Marie / *Ann Marie's Junior Infant Christmas Play for Parents@16ú Nollag ag 9.30 ar maidin*

Dráma Naíonáin Bheaga Úna / *Úna's Junior Infant Christmas Play for Parents @17ú Nollag ag 9.30 ar maidin*

---

Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Laoise / *Laoise's Senior Infant Christmas Performance @11ú Nollag ag 11.30 r.n.*

Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Barbara / *Barbara's Senior Infant Christmas Performance @12ú Nollag ag 11.30 ar maidin*

Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Grace / *Grace's Senior Infant Christmas Performance @ 16ú Nollag ag 11.30 ar maidin*

Ceolchoirm na Nollag Naíonáin Mhóra Fiach / *Fiach's Senior Infant Christmas Performance @17ú Nollag ag 11.30 r.n*

---

Ceolchoirm na Nollag Rang 1 Martina /Neasa & Caitríona / *Martina & Neasa's &Caitríona's First Class Christmas Performance @ 12ú Nollag ag 1.30 i.n*

Ceolchoirm na Nollag Ranganna 1 Fiona & Michelle / *Fiona's & Michelle's First Class Christmas Performance @18ú Nollag ag 9.30 r.n.*

---

Dráma Rang 2 / *Second Classes Drama @ 15ú Nollag ag 1.30 i.n.*

---

Seó Nollag Ranganna 3 / *Third Classes Christmas Performance @ 16ú Nollag ag 1.30 i.n.*








## An Christmas Shoebox Appeal 2025

I mbliana bhailíomar 502 bosca don charthanacht Team Hope. Is mór an méid é sin agus tá muid fíor bhuíoch dóibh siúd a thóg an t-am bosca a líonadh agus é a thabhairt isteach chugainn. Tá na boscaí anois ar an mbealach go dtí an Afraic agus go dtí oirthear na hEorpa agus le cúnamh Dé cuirfidh do bhosca áthas agus gliondar croí ar pháiste éigin an Nollaig seo. Go raibh míle maith agaibh! Buíochas mór freisin do pháistí(elves)Rang 2 Fergal a rinne obair na gcapall na boscaí ar fad a bhailiú. Nár laga Dia iad.



*This year we collected **502** shoeboxes for the Team Hope Christmas Shoebox Appeal. That is an unbelievable amount of boxes and we are extremely grateful to those who went to the time and effort to fill a shoebox and to bring it into us. The shoeboxes are currently en route to Africa and to Eastern Europe and please God your shoebox will bring a smile to some child's face this Christmas. Go raibh míle maith agaibh! And a special word of the thanks to the children(elves) of Rang 2 Fergal who did trojan work collecting all the boxes.*

### Cóisir Ranga Dé hAoine / Class Little Party Friday

Is féidir le páistí cupla rud milis a thabhairt isteach sa bhosca lón do chóisir beag ranga ar an Aoine, 19ú Nollag. **Déan cinnte nach bhfuil aon chnónna in aon bhia a thugtar isteach.**

Ní bheidh cead bia a roinnt lena chéile.

**Beidh cuairteoir speisialta ag tabhairt cuairt ar an scoil ar an 15ú Nollag.** Beidh an cuairteoir speisialta ag tabhairt Leabhar Nollag mar bhronntanas do pháistí na Scoile ar fad. Más mian le tuistí cabhrú leis an gcuairteoir íoc as na leabhra seo, is féidir leo €3 a íoc ar Aladdin. Míle buíochas.

*Children may bring in a few treats in their lunch boxes for a little class party on Friday 19th December. **Please ensure there are no traces of nuts/peanuts in any foods**. Children will not be allowed to share foods.*

***A special visitor will be dropping by on Monday, 15th December**. Our special visitor will be giving each child in the school a Christmas annual as a present. If parents wish to help with the cost of these annuals you may pay €3 on Aladdin. Míle buíochas.*

## **Snámh ~ Rang 3**

Beidh páistí **Rang 3, Bláthnaíd, Eilis & Paul** ag tosnú snámh í **Mí Eanair.** An costas a bhéas ar na ceachtanna ná **€75** do 8 seachtaine. Beidh Kathleen ag cuir amach nasc agus beidh sibh in ann an t-airgid a íoc ar Aladdin.

Children from **Rang 3 Bláthnaid, Eilís & Paul** will commence swimming lessons in **January**. The cost of the lessons will be **€75**. Kathleen will be send a link and this payment can be made through Aladdin.



## **Ceoltóirí GMA**

Ceoltóirí GMA ag ceiliúradh deireadh na gcleachtaithe ceoil don Seirbhis Carúil Oiche Dé Céadaoin. Seacláid thé agus treats tuillte go maith acu tar éis teacht le chéile gach Deardaoin ó Mí Deireadh Fómhair. Fair plé dóibh!! Beidh siad ar ais linn san Áth-Bhliain le Cúnamh Dé. Míle Buíochas do Shiobhán & An Coiste Ceol.


*The GMA musicians enjoying their well-earned treats and hot chocolate after all their wonderful practice sessions they have attended since October preparing for the Carol Service Wednesday Evening in the Church. We will be back in the New Year adding more tunes to their repertoires. Sincere thanks to Muinteoir Siobhán and the Coiste Ceol.*

Nollaig Shona daoibh ar fad.



## ***AN FATHACH LEITHLEASACH' SA TAIBHDHEARC***

Comhghairdeachas leis na páistí ón scoil atá ag glacadh páirt sa seó nollag atá ar siúl sa Taibhdhearc. Tá ranaganna 3 agus 5 ag suil go mór len iad a fheiceáil ar stáistse an tseachtain seo chugainn! Maith sibh Juliette, Tilda, Cáit, Emily, Conor, Aifric agus Ríonach!



## Díospóireacht Rang 6

Tá an coiste díospóireachta théis a bheith ag obair go dian ar an bhfeachtas díospóireachta. Tá seisear daltaí ó Rang 6 ag obair ar na rúin ós a gcomhair. Is iontach an rud é go bhfuil beirt dalta ó chuile rang ag comhoibriú le chéile. Beidh an chéad díospóireacht eile ag an bhfoireann an tseachtain seo, Déardaoin 11 Nollaig 2025.

An rún ós ár gcomhair ná "Universal Internet Access should be the Top Goal of 2026." Beidh muid ag labhairt in aghaidh an rúin. Tá na daltaí théis argointí agus bréagnaithe a chruthú don rún.

Bhí dhá díospóireacht eile ag an bhfoireann go dtí an pointe seo. An chéad rún ná "Weekends should be Three Days Long." An dara díospóireacht ná "Tourism does more Harm than Good." Mar sin, bhí deis ag an seisear a bheith ag labhairt ar son na scoile.

Má éiríonn leis an bhfoireann díospóireachta an bua a fháil ar an Déardaoin seo, beidh siad ag labhairt san Ionad Oideachais i gcluiche ceannais an chontae! Míle buíochas do Paul as ucht a thacaíocht don tionscnamh seo & do mhúinteoirí Rang 6

Go n-éirí libh agus bainigí sult as!

*The debating committee has been working hard on the upcoming debating campaign. There are six pupils from Rang 6 working together. It's brilliant that we have two pupils from each class collaborating together. Our next debate will take place on Thursday, 11th of December 2025.*

*The motion for the upcoming debate is "Universal Internet Access should be the Top Goal of 2026." We will be opposing the motion. The pupils have created arguments and potential rebuttals for this motion.*

*The debating team has already participated in two debates this year. The first motion was "Weekends should be Three Days Long." The second motion was "Tourism does more Harm than Good." Therefore, the six pupils on the team have all had the opportunity to participate in a debate.*

*If the team wins their upcoming debate, they will proceed to the county final! This will take place in-person in the Galway Education Centre. A sincere thanks to Paul for his support with this project and to the 6th Class teachers.*

*Best of luck and enjoy!*




## Cáillte agus Fáigthe/Lost and Found

Tá go leor eadaí, seacaid, cótaí álainn fagtha fós i Halla na scoile. Iarrtar ar thuistí teacht isteach agus éadaí a bhailiú roimh na Nollag.

Iarrtar ar thuistí ainm a bheith ar **GACH** píosa éadach.

*There is a huge amount of lovely clothing, coats, jumpers, jackets etc left in the school hall. Parents are asked to come to the hall and collect their children's belongings. We request parents to clearly label **ALL** clothing.*

**Laethanta Saoire/Holidays**

Beidh páistí ag fáil laethanta saoire na Nollag ar an Aoine 19ú Nollag. Rachaidh na ranganna seo leanas abhaile ag na hamanta seo leanas:

Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.15 & 2.15, rachaidh siad abhaile ag 11.50.

Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.20 & 2.20, rachaidh siad abhaile ag 12 meán lae.

Oscólfar an scoil aríst ar an Luan, 5ú Eanáir 2026.

***Children will get their Christmas Holidays on Friday, 19th December. Children who normally go home at 1.15 & 2.15 will go home at 11.50am on Friday 19th.***

***Children who normally go home at 1.20 & 2.20 will go home at 12.00 midday.***

***School will re-open again on Monday, 5th January 2026.***








**Lá Geansaí Nollag / Christmas Jumper Day**

Táimid chun seachtain gléasadh don Nollag a bheith againn le linn na seachtaine 15ú-19ú Nollag. Is féidir le páistí geansaí Nollag nó éadach nollag eile a chaitheamh i n-áit a gculaith scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí más féidir leo síntiús a chur isteach i dtreo na carthanachtaí seo leanas: ***Bring Cillian Home agus Tacaíocht do pháistí Gaza.***

*We will be having our Christmas Dress Up days during the week 15th - 19th December. Children are asked to wear their Christmas Jumper or any other Christmas Clothes instead of their school uniform during the week. Donations towards our charities are most welcome,* ***Bring Cillian Home and Support the Children of Gaza.***






# Geansaithe Nollag do Chillian

A Phríomhoidí, a Mhúinteoirí, agus a Phobail Scoile i gceantar na Gaillimhe,

Táimid, i Scoil San Phroinsias, Tír Oileáin, ag lorg bhur tacaíocht. Tá Lá Geansaithe Nollag á eagrú againn ar an Aoine, an 12ú de Nollaig, ar son duine dár ndaltaí, Cillian Ó Brien. Ar an 5ú d'Fheabhra 2025, tháinig Cillian ar scoil le páirt a ghlacadh i gcomórtas fichille. Ar an drochuair, thit sé i laige agus fuaireadh amach ina dhiaidh sin gur fhulaing sé fuiliú inchinne tubaisteach de bharr AVM, (Arteriovenous Malformation). Tá Cillian san ospidéal ó shin agus a theaghlach ina thimpeall gach lá. Níor éirigh le tuismitheoirí Chillian filleadh ar an obair ó shin mar go bhfuil siad le taobh Chillian in Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill, Baile Átha Cliath agus san Ospidéal Náisiúnta Athshlánaithe i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath.

Tá radharc, cumas cumarsáide agus cumas gluaiseachta Chillian buailte go dona. Bunaíodh coiste chun teacht i gcabhair ar Chillian agus ar a mhuintir. Tá sé mar sprioc ag an gcoiste €300,000 a bhailiú. Is sprioc an-ard í toisc go bhfuil Cillian i gcathaoir rotha anois agus dá bharr sin caithfear tigh a mhuinire a chur in oiriúint dó. Ní féidir leis filleadh abhaile go dtí go mbeidh an obair seo críochnaithe. Is é mian fhoireann Scoil San Phroinsias an oiread agus is féidir a bhailiú chun cabhrú le Cillian agus lena mhuintir.

Bígí Linn chun Tacú leis an gCúis Seo

Geansaithe Nollag — Tabhair Cillian Abhaile

Táimid ag tabhairt cuireadh do gach scoil i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe páirt a ghlacadh trí bhur Lá Geansaithe Nollag féin a reáchtáil ar an Aoine, 12ú de Nollaig.
Chabhródh fiú an beagán le difear mór a dhéanamh do Chillian agus dá theaghlach ag an am deacair seo. Tuigimid go bhfuil go leor scoileanna ag bailiú airgid cheana féin do charthanachtaí éagsúla leis an bhfeachtas Geansaithe Nollag. Dá bhféadfaimis fiú beagán de bhur mbailiúchán a chur i dtreo an fheachtais seo, bheimis fíorbhuíoch. Is bealach álainn é seo dúinn mar phobail scoile teacht le chéile, le spiorad na Nollag a scaipeadh, agus le cultúr an phobail a léiriú do na daltaí.

Má tá sibh sásta tacú lenár bhfeachtas speisialta, cuirigí in iúl dúinn é, le bhur dtoil. Tá na sonraí íocaíochta thíos. Tá misneach agus dearfacht Chillian ina spreagadh dúinn ar fad anseo i Scoil San Phroinsias,agus ba bhreá linn a thaispeáint dó — agus dá theaghlach — go bhfuil pobal iomlán na Gaillimhe taobh thiar dóibh.

Le meas,

Pat Keane,
Leas-phríomhoide, Scoil San Phroinsias,
Bóthar Átha Cinn,
Gaillimh.
patkeane@scoilsanphroinsias.com
Celia Lavelle (An Coiste),
Scoil San Phroinsias,
Bóthar Átha Cinn,
Gaillimh.
celia@scoilsanphroinsias.com

Modhanna Íocaíochta
Íocaíocht:
Ba chóir gach íocaíocht a dhéanamh trí Aistriú Leictreonach Cistí (EFT).

Cuir ainm bhur scoile leis an íocaíocht le bhur dtoil.
Sonraí an bhainc: IBAN: IE93BOFI90384097211786
BIC: BOFIIE2D
Ainm an Chuntais: Bring Cillian Home.
Admhálacha: Chun admháil íocaíochta a fháil, cuir chugainn an seoladh ríomhphoist caoi.

**Club Ficheall:**

Chlub ficheall ar an Déardaoin 8ú Eanáir agus críochnaíonn sé ar an 26ú Márta.

€100.00
App Revolut.
(tel. 0860647816 & cuir ainm agus an scoil).

Bíonn an 1ú grúpa ó 2.30pm go 3.15pm.
Tosaíonn an 2ú grúpa ag 3.15pm go 4.00pm.

Email: brendan@chessossity.com



*Term starts on Thursday 8th of January and finishes on the 26th of March.*
*The fee is €100.00.*

*You can pay by cash or with the Revolut App. (Please pay to tel. 0860647816 and include students name and school).*
*The 1st group is from 2.30pm to 3.15pm.*
*The 2nd group starts at 3.15pm to 4.00pm.*
*To register please email:*
*brendan@chessossity.com*
***Please note:***

***That there's no chess club on 19th March, due to school's chess finals.***

**Liathróid Láimhe Oilimpeach**

Comhghairdeas ó chroí le buachaillí Rang a 6 a bhuaigh Craobh an Chontae inné sa liathróid láimhe oilimpeach don chéad uair le blianta fada.  D'imir siad ar fad thar bar ragus táimíd an-bhródúil astu. Beidh siad ag tnúth le páirt a ghlacadh i gCraobh an Chúige nó Craobh na hÉireann san earrach.  Bhí an-bhliain ag Rang a 6 sa liathróid láimhe.  D'éirigh le dhá fhoireann buachaillí agus foireann amháin cailíní an dara bhabhta a bhaint amach, éacht don scoil. Ghlac 43 páiste i Rang a 6 páirt sa traenáil i mbliana. Míle buíochas do Neasa, Fiach, Ciarán agus Fiachra as ucht a gcuid ama a thabhairt don traenáil.

Beidh traenáil do bhuachaillí agus cailíní ag tosnú ar Dé Céadaoin 7 Eanáir, ó 2:15 – 3:15 sa halla.

*Congratulations to the boys in Rang a 6 who won the County Final in Olympic handball for the first time in many years. They all played very well and we're very proud of them. They will be looking forward to taking part in the Connacht Finals or All-Ireland Finals in the spring. Rang a 6 had a great year in handball. Two boys' teams and one girls' team reached the second round, a great achievement for the school. In total, 43 children in Rang a 6 took part in training this year.  Many thanks to Neasa, Fiach, Ciarán and Fiachra for giving their time.*

*Training for Rang a 4 will take place on 7 January from 2:15 – 3:15 in the school hall.*






**Rang 5**

Táimid ar fad ar bís i Rang 5 agus muid ag ullmhú don Nollaig. Idir amhráin, ealaín agus go leor oibre scoile, táimid thar a bheith gnóthach agus, ar ndóigh, tá sceitimíní an domhain orainn ar fad. Beidh Rang 5 Olivia, Ciarán agus Bairbre ag dul chuig an Taibhdhearc le léiriú álainn de chuid Fíbín, An Fathach Leithleasach, a fheiceáil. Táimid ag súil go mór leis. Tá roinnt gasúir ón scoil ag glacadh páirte sa dhráma agus táimid ag súil lena bhfeiceáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Guíonn Rang 5 Nollaig aoibhinn álainn oraibh go léir!

**ETIM / STEM**

Ar 19 Samhain bhí Lá Breathnadóireachta ETIM againn ar scoil ina raibh deis ag na múinteoirí foghlaim óna chéile trí bhreathnú ar cheachtanna a chéile sna seomraí ranga. San áireamh ar an lá bhí ceachtanna mata, Knex, AI, Imovie, teicneolaíocht, códú agus Kinia. Chomh maith le sin fuair roinnt múinteoirí traenáil ó Kinia i bPodchraoltóireacht agus Robaiticí.

Freisin, go luath san athbhliain, beidh roinnt d'fhoireann Medtronic atá freisin ina dtuismitheoirí sa scoil ag tabhairt cuairt ar Ranganna 6 chun míniú dóibh faoin obair a dhéanann siad i Medtronic. Ina dhiaidh sin beidh deis ag na páistí cuairt a thabhairt ar an suíomh chun breathnú ar an obair ar an láthair. Míle buíochas do Medtronic as ucht a dtacaíocht don scoil – tá roinnt ríomhairí gluaine faighte againn uathu le cúpla blaiain anuas, agus iad in úsáid go rialta. Táimíd ag tnúth go mór leis na cuairteanna atá le teacht.

*On 19 November we had an STEM Observation Day at the school where the teachers had the opportunity to learn from each other by observing each other's lessons in the classrooms. The day included maths, Knex, AI, Imovie, technology, coding and Kinia lessons. Also some teachers received training from Kinia in Podcasting and Robotics.*

*Early in the new year, some of the Medtronic staff who are also parents in the school will be visiting Ranganna 6 to explain to them about the work they do in Medtronic. Afterwards the children will have the opportunity to visit the site to observe the work first hand. Many thanks to Medtronic for their support for the school – we have received a number of laptops from them over the last few years, and they are in regular use. We are looking forward to these upcoming visits also.*





**<u>An Ukulele i Rang 3</u>**

Bhain Rang 3 Bláthnaid an-taitneamh as a bheith ag foghlaim an ukulele le Múinteoir Laoise le tamaill anuas! Míle Buíochas Laoise.

*Rang Bláthnaid have thoroughly enjoyed learning the ukulele with Múinteoir Laoise for the past few weeks! Thank you Laoise.*





## **Coiste ICT**

Tá coiste ICT nua bunaithe againn. Oibreoidh an coiste le múinteoirí agus le daltaí chun tionscadail nua a chur i bhfeidhm agus chun acmhainní digiteacha a dhéanamh níos éifeachtaí.

Cloisfear tuairimí na bpáistí go rialta ionas go mbeidh ról gníomhach acu. Beidh siad freisin ag tabhairt aire do na iPads ina rang féin, agus scileanna freagrachta teicneolaíochta á bhfoghlaim acu.

*A new ICT committee has been set up recently to strengthen the development and use of technology in the school. The committee will work with teachers and pupils to implement new projects, improve digital resources, and make more effective use of the tools available to us.*

*The opinions of the children will be heard regularly so that they have an active role in the development of technology in the school. In addition, they will be taking care of the iPads in their own class, learning important skills in responsibility and good technology practice.*

*We hope this committee will play a very important role in enriching the pupils' learning experience in an exciting and innovative way.*

*Múinteoir Fiach & Fiachra*



## **Scéim Bronntanas Carthanachta / Charitable Donation Scheme**

Go raibh míle maith agaibhse a rinne íocaíocht isteach sa scéim seo don scoil I mbliana agus le blianta anuas. Is mór an cúnamh é.

Má tá aon duine ag iarraidh cabhrú linn, is féidir é a dhéanamh tríd na bealaí seo.

1. Chuir muid ríomhphoist amach ar an 20ú Samhain 2025 faoin scéim seo. Priondáil agus tabhair isteach an foirm CHY4 nó CHY3 a bhí leis an ríomhphoist 20/11/2025.
nó
Is féidir na foirmeacha a fháil ón oifig más mian leat.
2. Is féidir íocaíocht a tabhairt don oifig más mian leat.
3. Is féidir standing order a dhéanamh leis an mbainc más mian leat.
4. Is féidir íocaíocht a dhéanamh tríd Aladdin – ach abair linn san oifig agus cuirfidh muid nasc chugat.

Glaoigh ar an oifig le aon cheist. (091-590152)

*A sincere thank you to all the new parents who have contributed to date since November to our charitable donation scheme and to the parents who continued to contribute for the past few years.*

*Anyone who is in a position to contribute can do so in the following ways:*

1. *Please see email sent on 20th November 2025, print the CHY4 or CHY3 form attached to the email and bring to the office. You can also ask the office for a print out of these forms.*
2. *You can pay the amount you wish through the office.*
3. *You can set up a standing order with your bank.*
4. *You can pay a monthly or full fee via Aladdin link. Please ask school office to send you a link.*

*Please call the office on 091-590152 for any advice.*

**An gcoiste garraíodóireacht**

Comhghairdeas leis an gcoiste garraíodóireacht! Tá duais buaite acu mar gheall ar na glasraí ar fad a d'fhás siad i ngairdín na scoile anuraidh. Duais órga ón eagrúcháin Incredible Edibles. D'fhás siad neart fataí, cairéid, oiniún, lus na gréine agus cúpla raidís mór! Rinne rang a 4 físeán imovie álainn ag léiriú an obair ar fad a rinne siad.

*Congratulations to the gardening group who have won a gold award from Incredible Edibles. They grew potatoes, carrots, onions, sunflowers and few very big radishes! Fourth class made beautiful imovies to show all the work they had done.*



## ROBLOX agus Comhaontú Fóin Chliste / ROBLOX and Smartphone Agreement

Is maith le go leor páistí sa scoil an cluiche ROBLOX a imirt ar an ríomhaire. Bhí clár 25 nóiméad iontach ar RTÉ Primetime bunaithe ar na dainséaraí a bhaineann leis an gcluiche. Is féidir teacht air ar sheinnteoir RTÉ anseo: https://www.rte.ie/player/series/prime-time/SI0000000825?epguid=IH10008770-25-0086

Níl an Comhaontú Fóin Chliste sínithe ag an-chuid tuismitheoirí go fóill. Is féidir é a dhéanamh anseo: https://forms.gle/jUAfDrL6nkEX8nwFA

*Many of the children, especially the younger children in the school, enjoy playing ROBLOX. RTÉ Primetime had a very informatitive programme about the dangers of ROBLOX for children. It lasts 25 mins and you can access it on the RTE Player or through this link: https://www.rte.ie/player/series/prime-time/SI0000000825?epguid=IH10008770-25-0086*

*Many parents have not yet signed the Smartphone Agreement. If you haven't done so please do so here: https://forms.gle/jUAfDrL6nkEX8nwFA*

Ag guí Nollaig mhór mhaith ar chuile dhuine agaibh agus athbhliain lán le dóchas do bhliain nua sona ar chuile bhealach.

*Wishing you all a very happy and peaceful Christmas and a new year filled with hope for a bright year ahead.*

*Beannachtaí na Féile oraibh ar fad,*
*Dairíona & Foireann uile na scoile.*

